Focal id' Chluais.

A word in your ear. Bealtaine '11.

An Chincís Fadó, bailithe ag Neasa Ní Cheallaigh

A Ghobnait an Dúchais
Atá i mBaile Bhúirne
Go dtaga tú chugamsa,
Led' chabhair is led' chúnamh

Le déanaí thug mé cuairt ar mo chomharsana Máire agus Dónal chun labhairt leo faoi an gCincís mar a bhí sé fadó. Dúirt Máire "dá gcloisfeá an chuach i do chluas clé ní bheifeá in ann dul chuig an gCincís in aon chor". Bhí Dónal ag cuimhneamh siar ar a chéad Chincís agus é ag casadh móna dá chomharsa John i gcóir 6 phingin agus ansin ag gearradh trí chiseán móna do chomharsa eile darb ainm Dan i gcóir scillinge. Ansin fuair sé breis airgid óna thuismitheoirí i dtreo is go mbeadh leathchoróin aige. Ba an-chuid airgid é seo ag an am sin. Bhí an t-airgead seo aige le caitheamh ag an gCincís. D'imigh Dónal síos an bhóthair maidin na Cincíse le bríste ghairid air, chun buaileadh lena chara Diarmuid agus shiúladar thar an mBóna Bán go dtí gur shroicheadar Tobar Ghobnatan. Ní raibh aon seans acu dul in aice an tobair leis na sluaite a bhí timpeall. Bhí an lucht siúil ann ag líonadh buidéil uisce i gcóir pingin an ceann.

Dúirt Máire go raibh leigheas speisialta ar fáil an oíche roimh Dhomhnach na Cincíse dá gcodlófaí taobh istigh de gheata an tobair thar oíche. Dúirt Dónal agus Máire nach bhféadfaí dul trasna na mbóithre leis na sluaite. Nuair a sroicheadar an sráidbhaile bhí na súile ag léim amach as a gcinn leis an méid siamsaí a bhí ann. Bhí slua mór den lucht siúil ann. Bhí fear amháin ag seinm ar an mbosca ceoil. Bhí duine eile acu ag tarraingt amach a chraiceann ar a mhuineál agus ag cuir tairne sé orlach ar fhad tríd. Bhí duine eile fós ina luí ar ghloine briste agus shiúlfadh fear ar a chliabh, agus ansin seasfadh sé suas le gloine ag titim as a dhroim. Fuair duine den lucht siúil roth chairte ón ngabha agus choinnigh sé cothrom é ar a ghiall. Stad siad i gcóir liocrais feamainne agus cheannaigh siad buidéal líomanáide ar 2 phingin agus fuaireadar 24 cearnóga de leac thaifí (taifí Mickey Mouse). Bhí a ndóthain fágtha acu chun é a roinnt lena dtuismitheoirí nuair a rachaidís abhaile. Bhuail siad le comharsana agus comrádaí scoile agus bhíodar ag breathnú ar chleasaí le trí chárta agus an roth rúiléide. Bhí cleas eile ar siúl le crios, ina d'fhillfidís é agus chuirfeá peann luaidhe tríd ach fós d'fheadaidís é a oscailt amach scaoilte. Bhí caitheamh na bhfáinní ar siúl ina bhfeadfaí airgead a bhuachan, mar £5, £10 nó £20 ach pé slí ina gcaithfí an fáinne ní bhuailfeadh sé aon cheann díobh. Bhí mná feasa den lucht siúil ann ag déanamh feasa do dhaoine. Dúirt Dónal go mbeidís ag teacht abhaile báite ach nach gcuireadh sin isteach orthu. Cuimhníonn sé siar ar na blianta ina dhiaidh sin, nuair a bhí Banna Rince an Ghleanna Roughty ag seinm sa tsean-halla damhsa taobh thiar de thigh tábhairne Uí Scanaill. Nuair a bhí Cincís amháin thart bhídís ag súil leis an gcéad cheann eile.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le mo chomharsana Máire agus Dónal as an agallamh seo. Chuireadar fáilte romham agus thugadar an-chuid eolais dom faoi an gCincís mar a bhí sé fadó. **Neasa Ní Cheallaigh.**

Muifíní Bhiabhóige le Rachel Allen

Comhábhair: (I gcóir 10 gcinn mhóra) 125gr (5un) siúcra donn éadrom – 100ml (3½ un) bláthach – 15ml (1spúnóg bhoird) ola lus na gréine – 1 ubh – 1tsp úscra fanaile – 100gr (4 un) biabhóg, mín díslithe 175gr (6un) plúr – 1 tsp púdar bácála – 1 tsp sóid aráin – Gráinnín salainn
Don bharr: 25gr (1 un) siúcra Muscovado éadrom.

Modh: Téigh an t-oigheann go dtí 200˚C (400˚F) nó gás 6. Cuir na cásanna amach ar an múnlán muifín. Cuir an siúcra, an ola, an ubh, an t-úscra fanaile agus an bhláthach isteach i mbabhla. Measc go maith le chéile iad. Cuir an bhiabhóg leis agus dein é a mheascadh arís. Criathraigh an plúr, an púdar bácála, an sóid aráin agus an salann isteach agus measc na comhábhair go léir le chéile. Ná corraigh an iomad é. Cuir an meascán isteach sna cásanna muifín go dtí go bhfuil siad trí cheathrú lán. Lig dó fuarú agus croith an siúcra Muscovado ar bharr an fhuidrimh ins na cásanna muifín. Dein iad a bhácáil san oigheann ar an seilf láir ar feadh 18 – 20 nóiméad go dtí go mbíonn siad órga éadrom. Tóg amach as an oigheann iad agus lig dóibh fuarú ar raca sreinge.

mfg-Meitheal Mhúscraí, Réidh na nDoirí, Maigh Chromtha, Co Chorcaí.
Tel: 026-45661. eolas@muscrai.ie www.muscrai.ie

Séanadh: Tógaimíd an-aire taighde chun an t-eolas atá clóite anseo a fhíorú. Táimíd comh cinnte agus is féidir linn a bheith go bhfuil an t-eolas iniata cruinn agus fíor nuair a fhoilsíodh é. 'Sé an sprioc atá againn ná chun eolas tairbheach ginearálta a chur ar fáil do dhaoine. Ní féidir le MFG-Meitheal Mhúscraí freagracht a ghlacadh má tharlaíonn aon dochar dá bharr.

Cois Cille, Cill na Martra 026-40999.

Lón ar fáil ceithre lá ag 12.30in.
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré. Taisteal ar fáil.
Cosliacht: Le Coinne, lár mí Bealtaine.
Suathaireacht: Le coinne, 087 6759121.
Reifléacseolaíocht, ar an gcéad Mháirt de gach mí.
Do choinne glaoigh ar Peggy ag 087 7648527.
Scoraíocht: 2ú Meitheamh, 2.30in – 5.00in.
"Lón an Lae" i gCois Cille – 11/5/2011

Anraith Glasraí Baile
. . .
Bagún agus Cabáiste le Anlann Peirsile
agus Prátaí Bruite
. . .
Flan Piorra le Custard Te
. . .
Tae agus Caife

An mí seo chugainn beidh Lón an Lae ag teacht ó Chuan Barra.

Cuan Barra, Béal Átha'n Ghaorthaidh

Béilí, Dé Luain & Dé hAoine ag 12.30in.
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré. Taisteal ar fáil
Cuir glaoch ar 087 1378099 nó 026 47777.
Aisling Ní Laoire, Teiripeoir Scéimhe.
19ú Bealtaine, le coinne, glaoigh ar 087 6579894.
Cosliacht, le coinne. Dáta le socrú.
Glaoigh ar Ann O Donovan 027 50340 / 086 3679761.
Dr Ken Harte gach Céadaoin 12.00 – 1.00 in.
Cártaí gach Déardaoin ag 9in.
Ranganna ceoil gach Máirt, 086 0866668.

Ionad Lae, Baile Mhúirne

Lón ar fáil gach Luan, Céadaoin & Déardaoin ag 1:00in.
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré, 026 40999/45559.
Taisteal ar fáil – Cuir glaoch ar 026-45661 nó 026 45811
Cosliacht: Jan Cumiskey **25ú** Bealtaine. Do choinne glaoigh ar 026 45559/40999.
Reifléacseolaíocht, ar an tríú Céadaoin de gach mhí.
Do choinne glaoigh ar Peggy ag 087 7648527.
Scoraíocht: 26ú Bealtaine, 8in – 10in.

Freagraí ón mí seo caite.

Cleas Inchinne: Chuaigh an mhac ag iascaireacht lena n-athair agus seanathair. Bhí beirt aithreacha agus beirt mhac ann.
Dúcheist Tapaidh: Bíonn ciall leis na cothromóidí aisteacha nuair atá muid ag caint faoi an am. Mar shampla, 8.00in + 6 uair = 2.00rn.

Taifid Bháistí in Éirinn

Ba í 1887 an bhliain ba thirime – de réir na dtaifead i nGlas Naíon, Baile Átha Cliath, níor thit ach 356.6mm báistí.
B'ionann an t-iomlán bliantúil is mó agus 3964.9mm a thit i mBealach na Beena 1960.
Tharla an dearbhthriomach is faide i Luimneach idir 3 Aibreán agus 10 Bealtaine 1938.

Scoraíocht an Déardaoin.

Beidh an scoraíocht ar siúl ar an 19ú lá de mhí Bealtaine san Ionad Áise i Réidh na nDoirí. Beidh tráthnóna spraoi agus siamsaíochta ann do gach éinne. Taisteal ar fáil–Cuir glaoch ar 45661 nó 45811.

Féile Bealtaine

Chun Féile Bealtaine a cheiliúradh i mbliana tá líon teoranta ticéidí faighte againn don seó 'Fruitcake' le Mary McEvoy, (ghlac sí páirt Biddy i Glenroe) san amharclann "Briery Gap" i Maigh Chromtha. Beidh an seó ar siúl ar an Luan, an 23ú lá de mhí Bealtaine ar a 3.00in. Tabharfar na ticeidí dóibh siúd a chuireann glaoch orainn ar dtús. Chun do áit a chur in áirithe cuir glaoch go luath le do thoil ar 026 45661.

Taispeántas Tacaois 2, 'Trínár Súile'

Beidh Taispeántas Tacaois 2, 'Trínár Súile', ag oscailt san Ionad Cultúrtha ar an Luan, 23ú Bealtaine ag 7in. Sé seo an chéad uair go mbeidh an grúpa seo de gheall le fiche ealaíontóirí ag taispeáint a gcuid oibre mar chuid d'Fhéile Bealtaine. Bhí Pauline Dodds ag obair leis na healaíontóirí i gCuan Barra agus i gCois Cille, ar chlár for-rochtana an Ionaid Chultúrtha. agus ceiliúrann an taispeántas cruthaitheacht agus léargas na sinsearach. Tá fáilte roimh chách chuig an oscailt, agus leanfaidh an taispeántas go dtí an Aoine,3ú Meitheamh.

Aire Stáit Nua

Tá ról an iar Aire Stáit do Dhaoine Scothaosta mar chuid den gcúram atá ag Caitlín Ní Loinsigh TD as toghcheantar Corcaigh Thuaidh Láir. Tá an cúram seo ag Caitlín Ní Loinsigh TD, Aire Stáit chomh maith leis na freagrachtaí atá aici cheana féin ag an Roinn Sláinte agus an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Cosanta le bheith freagrach as Míchumas, Comhionannas agus Sláinte Mheabhrach.

Dúcheist Tapaidh

Tá an fear sa phictiúir thíos ag iarraidh a linn snámha a líonadh le h-uisce. Níl cead aige ach trí comhlaí sa phíblíne a oscailt. Cad iad na trí comhlaí ba cheart dó a oscailt chun an t-uisce a scaoileadh amach?
(The man in the picture below wants to fill his pool with water, but he is only allowed to open three valves along the pipeline. Which three valves should he open to get the water flowing to the pool?)